

CÚRAM SLÁINTE



CÉN FÁTH A BHFUIL SÉ TÁBHACHTACH?

Tá rochtain ar chúram sláinte ar ardchaighdeán ríthábhachtach do shláinte agus d'fholláine gach duine. Nuair a bhíonn easpa maoinithe ann agus meath ar cháilíocht agus ar mhéid an chúraim atá ar fáil, ní fhaigheann gach duine an chabhair atá de dhíth orthu, agus ní shásaítear riachtanais na ndaoine a fhaigheann cabhair i gcónaí; d'fhéadfadh eispéiris dhíobhálacha a bheith acu fiú. Nuair nach n-éistear le daoine, ní féidir leo an chabhair atá de dhíth orthu a fháil. Déanann sé sin dochar don mhuinín agus laghdaíonn sé an seans go lorgóidh siad cabhair le haghaidh fadhbanna sláinte eile.

NA SAINCHEISTEANNA

Ar fud ár dtíortha, d'aithin daoine óga fadhbanna i gcúram meabhairshláinte agus i gcúram sláinte coirp. Baineann na fadhbanna sin le heaspa acmhainní, le gan éisteacht le daoine, agus le gairmithe nach dtuigeann daoine aonair ná a gcuid riochtaí.

Stiogma

Tá stiogma sóisialta ann fós maidir le meabhairshláinte.

Neamhaird agus diúltú dá n-imní

Ní éistear le daoine óga i gcónaí ná ní ghlactar lena n-imní faoi shláinte mheabhrach nó choirp dáiríre.

Is minic nach nglactar le mná dáiríre nuair a lorgaíonn siad cabhair le haghaidh meabhairshláinte, pian nó sláinte coirp. Is minic a chuirtear a n-imní i leith míosta, gá le meáchan a chailleadh nó ithe níos sláintiúla.

Liostaí agus tréimhsí feithimh fada

Liostaí fada feithimh le haghaidh tacaíochta meabhairshláinte

Liostaí fada feithimh le haghaidh measúnuithe néara-éagsúlachta

Liostaí fada feithimh le haghaidh obráidí

Tréimhsí fada feithimh ar otharchairr

Tréimhsí fada feithimh i rannóga Timpistí agus Éigeandála

Fadhbanna cumarsáide

Ní insítear do dhaoine óga i gcónaí faoi sheirbhísí eile a d'fhéadfadh cabhrú leo.

Níl dóthain acmhainní ann chun nósanna imeachta agus taifid leighis a mhíniú do dhaoine óga agus iad ag fáil cúraim sláinte.

Crannchur an chóid poist

Tá taithí an-éagsúil ag daoine agus iad ag fáil cúram meabhairshláinte agus sláinte coirp; tá roinnt taithí dearfach ach tá go leor diúltach. Dealraíonn sé gur de réir an chóid poist a bhíonn seans ag duine taithí mhaith a fháil.

Cé gur chabhraigh tacaíocht mheabhairshláinte le roinnt daoine óga, dúirt daoine eile gur chuir sí a meabhairshláinte in olcas.

Droch-aistriú idir seirbhísí

Bíonn deacrachtaí ag daoine agus iad ag aistriú ó sheirbhísí meabhairshláinte agus sláinte coirp do leanaí go seirbhísí do dhaoine fásta; mar shampla, iad a chur ar bun liosta feithimh arís, athmheasúnú a dhéanamh orthu agus oibriú le daoine nua nach bhfuil cur amach acu orthu ná ar a riocht.

CAD A DÚIRT DAOINE ÓGA?

“Tá sé dearfach go bhfuil [cúram sláinte] saor in aisce, ach tá bacainní ann.”

“Tá an t-ádh orm gur féidir liom cúram [sláinte] príobháideach a fháil, mar bheadh orm fanacht blianta ar chúram poiblí murach é.”

“Ionrach, éagórach, díspeagúil, ag brath ar sheirbhísí nó ar dhaoine eile atá faoi bhrú cheana; strusmhar do chách, easnamh ar an iomlán.”

CAD BA MHAITH LINN GO NDÉANFADH CINNTEOIRÍ

Taighde ar shláinte na mban a fheabhsú: oiliúint CPR, sláinte mhíosta agus araile

Níos mó speisialtóirí a fhostú

Liostaí feithimh a laghdú
Fostóirí a thabhairt chun cuntais
Maoiniú agus bainistiú acmhainní a fheabhsú
Ateangairí a dhéanamh níos infheicthe agus níos inrochtana
Comhairleoirí a bheith ar fáil i gcleachtais dochtúirí teaghlaigh
Tuiscint ar mheabhairshláinte a fheabhsú
Féachaint ar na rudaí a oibríonn go maith i dtíortha eile
Tuilleadh oideachais a chur ar fáil faoi shláinte na mban agus faoi mhíchumais

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

Bíonn fadhbanna romhainn mar dhaoine óga nuair a lorgaímid cúram sláinte agus mothaímid go minic nach bhfuil sé ar ár gcumas aon rud a dhéanamh fúthu. Is é cuspóir an phlean gníomhaíochta seo é sin a athrú. Tá sé mar aidhm againn céimeanna soiléire a leagan amach do dhaoine óga ar fud na Ríochta Aontaithe agus Phoblacht na hÉireann.

Aiseolas a thabhairt go díreach don tseirbhís sláinte

Má tá aiseolas nó ábhar imní agat faoi sheirbhís sláinte ar leith, tá próiseas ag gach seirbhís chun tuairimí nó gearáin a chur in iúl. Ba cheart go mbeifeá in ann an fhaisnéis sin a fháil ar a suíomh gréasáin. Má tá tacaíocht uait chun gearán a dhéanamh nó rochtain a fháil ar sheirbhís sláinte, is féidir leat cabhair a iarraidh ar abhcóide.

Seirbhísí abhcóideachta

Albain:

<https://www.siaa.org.uk/>

Sasana:

<https://www.nhs.uk/social-care-and-support/help-from-social-services-and-charities/someone-to-speak-up-for-you-advocate/>

An Bhreatain Bheag:

<https://www.ombudsman.wales/advice-advocates/>

Tuaisceart Éireann:

<https://pcc-ni.net/pcc-support/>

<https://advocacy.ie/>

Poblacht na hÉireann:

<https://www2.hse.ie/complaints-feedback/advocacy-services/>